Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Márta 2022**
**(OR. en)**

**7022/22**

**AGRI 81**
**AGRIFIN 22**
**AGRIORG 23**
**AGRISTR 11**
**AGRILEG 26**
**CADREFIN 27**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Coiste Speisialta um Thalmhaíocht / an Chomhairle |
| Ábhar: | Pleananna Straitéiseacha CBT atá beartaithe<br>*- Forléargas ar shaincheisteanna roghnaithe* |

Ag féachaint don chruinniú a bheidh ag an gCoiste Speisialta um Thalmhaíocht an 14 Márta 2022 agus do chruinniú na Comhairle 'Talmhaíocht agus Iascach' an 21 Márta 2022, gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn nóta ón gCoimisiún maidir leis an ábhar thuasluaite.

# Pleananna Straitéiseacha faoi CBT atá beartaithe

# Forléargas ar shaincheisteanna roghnaithe

*Tá an forléargas ag brath go hiomlán ar fhaisnéis a chuir na Ballstáit ar fáil sna Pleananna a chuir siad isteach. Leagtar amach ann faisnéis achoimre maidir le gnéithe áirithe atá beartaithe de na Pleananna a cuireadh isteach go dtí seo (iad uile seachas an Bheilg). Tá an fhaisnéis a chuirtear i láthair á measúnú, á cur i gcrích agus á fíorú faoi láthair agus níor cheart a mheas gur fhormheas an Coimisiún í. Ní bhíonn sí uileghabhálach i gcónaí i ngeall ar fhaisnéis atá in easnamh i roinnt tograí maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT. Eascraíonn sonraí airgeadais sa doiciméad seo ón tábla forléargais de réir mar a rinne na Ballstáit a ionchódú. Tá neamhréireachtaí ann i roinnt cásanna idir an tábla forléargais agus na sonraí a sholáthraítear sa chuid 'idirghabhálacha'. Tá roinnt sonraí in easnamh.*

## (I) CBT atá níos cothroime agus inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de

***Feirmeoir gníomhach agus coinníollacha eile maidir le tacaíocht ioncaim a fháil***

- **Sainmhíniú ar fheirmeoir gníomhach** a shocrú, is é an príomhchritéar a úsáideann na Ballstáit ná a bheith san áireamh i gcláir oifigiúla (slándáil shóisialta, clár feirme, CBL);
- Roghnaigh **8** mBallstát liosta diúltach agus shocraigh **14** Bhallstát tairseach eisiata d'fheirmeoirí gníomhacha nach bhfuair íocaíochtaí díreacha atá níos mó ná méid áirithe don bhliain roimhe sin, EUR 5 000 den chuid is mó;
- Tá sé beartaithe ag roinnt Ballstát foráil na bhfeirmeoirí gníomhacha a bhunú ar limistéar íosta nó ar cheanglais áirithe a bhaineann le beostoc;
- Bíonn éagsúlachtaí maidir le **ceanglais íosta chun íocaíochtaí díreacha a fháil,** cé go bhfuil limistéar agus tairseach airgeadais araon socraithe ag an gcuid is mó de na Ballstáit;

- Tá tairseacha limistéar-bhunaithe socraithe idir 0.3 agus 4 heicteár agus tá raon na dtairseacha airgeadais idir EUR 100 agus EUR 500.

***Fócas ar an athdháileadh agus ar Thacaíocht Ioncaim Athdháilte Fhorlíontach i dtaobh na hInbhuanaitheachta (CRISS)***

- Tá níos mó ná **10 % d'iomlán na n-íocaíochtaí díreacha** beartaithe go ginearálta sna pleananna a cuireadh isteach le haghaidh **CRISS** agus cuirfear an idirghabháil chun feidhme **in 21 Bhallstát ar a laghad;**

- Leag **11** Bhallstát síos an sprioc tháscach maidir le **hathdháileadh chuig feirmeoirí níos lú** os cionn 100 le treocht atá ag dul i méid;

- Tá foráil déanta ag **19** mBallstát do 10 % nó níos mó d'imchlúdach na n-íocaíochtaí díreacha le haghaidh CRISS, agus tá **7** mBallstát acu ag pleanáil níos mó ná 10 % (is é 23 % an cion is airde);

- Iarrann **7** mBallstát maolú ón gceanglas imfhálaithe 10 % agus tá **3** Bhallstát acu nach bhfuil sé ar intinn acu CRISS a chur i bhfeidhm in aon chor;

- Tá sé beartaithe ag **14** Bhallstát CRISS a chur chun feidhme bunaithe ar raon/méid aonaid amháin agus foráil déanta ag **7** mBallstát do dhá réimse heicteár le dhá mhéid aonaid éagsúla agus déanann **2** Bhallstát foráil le méideanna aonaid dhifreáilte de réir grúpaí críoch;

- Idir 8.2 ha agus 150 ha, sin an raon den líon heicteár a dtacófar leo le CRISS.

***Uasteorannú agus céimlaghdaitheacht***

- Déanann 10 mBallstát foráil maidir le huasteorannú agus/nó céimlaghdaitheacht:

  - Cuireann **2** Bhallstát idir uasteorannú agus céimlaghdaitheacht araon i bhfeidhm;

    - Tá **5** Bhallstát ann a dhéanann foráil don uasteorannú amháin;
    - Tá **3** Bhallstát ann a dhéanann foráil don chéimlaghdaitheacht amháin;
- Bainfidh **6** Bhallstát leas as an deis chun na **costais saothair a dhealú** sula gcuirfidh siad uasteorannú agus/nó céimlaghdaitheacht i bhfeidhm.

***Cóineasú inmheánach***

- Tá cinneadh déanta ag **9** mBallstát a chuireann teidlíochtaí íocaíochta i bhfeidhm faoi láthair deireadh a chur leo cheana in 2023, seachas ceann amháin acu;
- Maidir leis na Ballstát a leanann de theidlíochtaí íocaíochta a chur i bhfeidhm:
    - Bainfidh Ballstát **amháin** cóineasú iomlán amach ar an leibhéal náisiúnta faoi dheireadh na tréimhse agus bainfidh Ballstát amháin cóineasú iomlán amach ar leibhéal na ngrúpaí críoch;
    - Bainfidh **5** Bhallstát an t-íosleibhéal is gá de chóineasú inmheánach 85 % amach faoi 2026 ar an leibhéal náisiúnta (4 Bhallstát) nó ar leibhéal na ngrúpaí críoch (Ballstát amháin)

***An tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta (BISS)***

- Chinn **6** Bhallstát BISS a dhéanamh ar bhonn críche (3 cinn acu le teidlíochtaí íocaíochta agus 3 cinn acu gan iad).
- Ar leibhéal an Aontais, is ionann leithdháileadh iomlán BISS agus beagáinín níos mó ná 50 % d'imchlúdach na n-íocaíochtaí díreacha, le leithdháiltí idir 31 % agus 75 %.

*Íocaíocht d'fheirmeoirí beaga*

- Tá sé beartaithe ag **5** Bhallstát an íocaíocht shimplithe d'fheirmeacha beaga a chur chun feidhme le ceithre cinn acu ag cur cnapshuim i bhfeidhm agus ceann amháin acu ag cur íocaíocht in aghaidh an heicteáir i bhfeidhm;

- Idir 0.4 % agus 9 % d'imchlúdach na n-íocaíochtaí díreacha atá na leithdháiltí táscacha.

*Tacaíocht Ioncaim Chúpláilte*

- Tá sé beartaithe ag na Ballstáit **go léir** a bhfuil pleananna curtha isteach acu, seachas ceann amháin, tacaíocht ioncaim chúpláilte a chur chun feidhme;

- Tá sé beartaithe ag **19** mBallstát os cionn 10 % de na híocaíochtaí díreacha a chur chun feidhme agus gar dá n-uasteorainn den chuid is mó, tá sé beartaithe ag **2** Bhallstát thart ar 10 % agus ag **4** Bhallstát faoi bhun 5 % dá n-imchlúdach d'íocaíochtaí díreacha a chur chun feidhme;

- Tá an tacaíocht dírithe ar bheostoc (mairteoil agus laofheoil, caoireoil agus feoil gabhair, bainne agus táirgí bainne) agus cion buiséid thart ar 70 % de leithdháileadh foriomlán na tacaíochta ioncaim cúpláilte sna Ballstáit;

- Moltar teorainneacha ar dhlús stoic in earnáil an bheostoic in **2** Bhallstát ar a laghad.

- Tá tacaíocht ioncaim chúpláilte beartaithe ag **18** mBallstát do bharra léagúim/próitéine.

*Bainistiú riosca*

- Tá sé beartaithe ag **14** Bhallstát úsáid a bhaint as uirlisí bainistithe riosca agus molann siad 25 idirghabháil ar an iomlán, is é sin 15 scéim préimheanna árachais, 7 scéim tacaíochta cistí frithpháirteacha, 2 scéim bainistithe riosca eile agus scéim amháin a chumhdaíonn préimheanna árachais chomh maith le tacaíocht do chistí frithpháirteacha;

- Tá sé beartaithe ag **7** mBallstát teaglaim tacaíochta do phréimheanna árachais amháin, ag 7 mBallstát teaglaim de thacaíocht do phréimheanna árachais chomh maith le cistí frithpháirteacha nó uirlisí bainistithe riosca eile;

- Tá cistí ó imchlúdach na n-íocaíochtaí díreacha sannta ag Ballstát **amháin** don bhainistiú riosca.

***Idirghabhálacha earnála in earnálacha eile agus suíomh na bhfeirmeoirí***

- Tá idirghabhálacha earnála in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí, in earnáil na beachaireachta agus in earnáil an fhíona beartaithe ag **22** Bhallstát;

- Níl idirghabhálacha earnála beartaithe in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí ag **4** Bhallstát toisc nach bhfuil aon eagraíochtaí táirgeoirí aitheanta acu sna hearnálacha sin;

- Tá sé beartaithe ag roinnt Ballstát freisin idirghabhálacha earnála a chur chun feidhme d'earnálacha 'eile' (prátaí, plandaí ornáideacha agus béaróga, muiceoil, caoireoil agus feoil gabhair).

- Tá sé beartaithe ag **6** Bhallstát **idirghabhálacha comhair** arb é a bpríomhraon feidhme tacú le **slabhraí soláthair gairide**;

***Tacaíocht do limistéir a bhfuil srianta agus míbhuntáistí nádúrtha iontu***

- Tá sé beartaithe ag **22** Bhallstát íocaíochtaí i leith srianta nádúrtha nó srianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar, arb ionann iad agus thart ar 17 % d'imchlúdach iomlán CETFT na mBallstát;

- Tá sé beartaithe ag **17** mBallstát íocaíochtaí do na ceanglais Natura 2000 agus/nó an Treoir Réime Uisce, arb ionann iad agus thart ar 0.8 % d'imchlúdaigh iomlána CETFT na mBallstát.

## (II) CBT atá inbhuanaithe agus níos glaise ó thaobh an chomhshaoil

***Coinníollacht***

*Caighdeán 2 DRTC (dea-riocht talmhaíochta agus chomhshaoil talún) (tailte portaigh/bogaigh)*

- Tá sé beartaithe ag **8** mBallstát an caighdeán a chur i bhfeidhm in 2023, agus tá **16** Bhallstát **ag iarraidh maolú** (4 Bhallstát go dtí 2024 agus na 12 Bhallstát eile go dtí 2025).

*Caighdeán 4 DRTC (stiallacha maolánacha a chur feadh uiscebhealaí)*

- Tá **21** Bhallstát ag súil le leithead 3 mhéadar agus os a chionn, agus tá sé beartaithe ag **2** Bhallstát leithead 10 méadar.

*Caighdeán 7 DRTC (uainíocht na mbarr)*

- Tá **11** Bhallstát ann nach bhfuil ag súil le maoluithe ón gceanglas maidir le huainíocht na mbarr;
- Tá sé beartaithe ag **8** mBallstát an maolú maidir le héagsúlú barr a chur i bhfeidhm ar a gcríoch iomlán;
- Tá sé beartaithe ag **6** Bhallstát meascán den dá rud nó roghanna eile.

*Caighdeán 8 DRTC (limistéir agus gnéithe neamhtháirgiúla)*

- Tá **24** Ballstát ag tairiscint na **'mbunroghanna'** d'fheirmeoirí (4 % talamh arúil), tá **13** ag tairiscint na rogha **'breisiú éiciscéime'** agus tá **15** ag tairiscint na rogha lena n-áirítear **barra breise nó barra fosaithe nítrigine**;
- Tá foráil déanta ag **10** mBallstát do na trí rogha go léir.

*Éiciscéimeanna*

- Tá sé beartaithe ag **7** mBallstát leithdháileadh buiséid éiciscéime os cionn an íoscheanglais 25 %[1];
- Tá sé beartaithe ag **8** mBallstát an sásra lacáiste a úsáid;
- I dteannta a chéile, tá foráil déanta do **170 éiciscéim éagsúla** sna Pleananna Straitéiseacha faoi CBT a cuireadh isteach. Tá beagnach 50 % acu bunaithe ar íocaíochtaí sa bhreis ar BISS (íocaíochtaí dreasachta mar a thugtar orthu). Déantar foráil i roinnt pleananna straitéiseacha faoi CBT d'éiciscéimeanna atá bunaithe ar íocaíochtaí cúiteacha amháin.
- Roghnaigh roinnt Ballstát éiciscéim aonair amháin lena gcumhdaítear raon cleachtas ach molann formhór na mBallstát roinnt éiciscéimeanna. Tá **6** Bhallstát ann a bheartaíonn éiciscéimeanna lena gcumhdaítear an fheirm ar fad (gach cineál limistéir talmhaíochta);
- I measc na gcleachtas atá beartaithe, inter alia, tá caomhnú na hithreach, caomhnú gnéithe tírdhreacha agus limistéir neamhtháirgiúla, feirmeoireacht carbóin, bainistiú comhtháite lotnaidí (IPM) agus bainistiú lotnaidicídí, féarach buan – fairsingiú agus cothabháil, an bhithéagsúlacht, leas ainmhithe, agus bainistiú cothaitheach;

*Idirghabhálacha glasa i CETFT*

- Tá an ceanglas íosta imfhálaithe[2] don chomhshaol agus don aeráid beartaithe i ngach plean a cuireadh isteach seachas ceann amháin, agus 50 % den leithdháileadh CETFT le haghaidh idirghabhálacha beartaithe ag 10 mBallstát agus cion 81 % beartaithe ag Ballstát amháin.
- Tá **260** gealltanas maidir le bainistiú agra-chomhshaoil agus aeráide beartaithe, lena n-áirítear tacaíocht don fheirmeoireacht orgánach agus d'acmhainní géiniteacha, le héagsúlacht mhór cleachtas tacaithe ag gabháil leo.

---

1 25 % ar a laghad d'Iarscríbhinn IX den Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT

2 35 % ar a laghad d'Iarscríbhinn XI den Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha faoi CBT

*Béim ar an mbithéagsúlacht*

- Maidir leis na Ballstáit sin a bhfuil sprioc leagtha síos acu chun **gnáthóga agus speicis** (R31) a chaomhnú, tá sprioc leagtha síos ag 11 de na Ballstáit sin chun **idir 0 %-20 %** den limistéar talmhaíochta a úsáidtear (UAA) a chumhdach, tá sprioc de **21 %-40 %** leagtha síos ag **7 mBallstát**, agus tá sprioc **41 %** nó níos mó leagtha síos ag **6** Bhallstát;

- Maidir leis na Ballstáit sin a bhfuil sprioc leagtha síos acu chun **gnéithe tírdhreacha** (R34) **a chaomhnú**, tá sprioc leagtha síos ag **16** díobh sin agus é mar aidhm acu **idir 0 %-10 %** den limistéar talmhaíochta arna úsáid (UAA) a chumhdach, tá sprioc **de 11 %-40 %** leagtha síos ag **2 Bhallstát,** agus tá sprioc **de 41 % nó níos mó** leagtha síos ag **2 cheann eile**;

- Go dtí seo, mhol na Ballstáit éiciscéim amháin nó níos mó lena dtabharfaí aghaidh ar na príomh-shaincheisteanna seo a leanas **a bhaineann leis an mbithéagsúlacht**: "bithéagsúlacht" (6 Bhallstát), gnéithe tírdhreacha/limistéir neamhtháirgiúla (19), bainistiú lotnaidicídí/lotnaidí (9), bainistiú cothaitheach (12), feirmeoireacht fhairsing ar fhéarach buan (10), feirmeoireacht orgánach (11);

- Tá **íocaíochtaí Natura 2000 molta ag 11 le haghaidh talamh talmhaíochta**. Tá líon mór **gealltanas bainistíochta** agus idirghabhálacha eile atá ábhartha don bhithéagsúlacht molta ag na Ballstáit (anailís leanúnach);

- I measc na ngealltanas bainistíochta agra-chomhshaoil atá beartaithe don bhithéagsúlacht tá gealltanais lena dtugtar aghaidh ar lotnaidicídí/tacú le Bainistiú Comhtháite Lotnaidí, caomhnú agus athchóiriú féaraigh agus éiceachórais feirmeoireachta ag a bhfuil ardluach ó thaobh an dúlra de, mar aon le speicis spriocdhírithe agus gníomhaíochtaí athchóirithe gnáthóg. Tá ardleibhéal athraitheachta ag baint le naisc leis an gCreat Gníomhaíochta tosaíochta maidir le Gnáthóga agus Éin.

*Béim ar an aeráid*

- As na Ballstáit sin a bhfuil an sprioc leagtha síos acu maidir le stóráil carbóin in ithir agus i mbithmhais (R 14), is idir 8 % agus 80 % na spriocluachanna, agus níl ach dornán Ballstát a bhfuil mar aidhm acu 10 % den limistéar talmhaíochta a úsáidtear (UAA) a chumhdach;

- Leag **8** mBallstát spriocanna síos, idir 1 % agus 60 % den UAA, i ndáil le haonaid bheostoic faoi ghealltanais i leith amóinia nó GCT a laghdú (R13)

- Tá spriocanna leagtha síos i ngach Plean (24), nach mór, idir 0.8% agus 86% den UAA i ndáil le cosaint ithreach (R19);

- Leag **18** mBallstát síos spriocanna i ndáil le hoiriúnú chun idir 0.02 % agus 66% den UUA a chumhdach a mhéid a bhaineann le hoiriúnú don athrú aeráide (R12);

- Leag **7** mBallstát síos a spriocthoradh maidir le húsáid uisce agus cothromaíocht uisce agus ba idir 0.7% agus 10% den UUA (R23) na spriocthorthaí sin;

- Tá sé beartaithe ag **11** Bhallstát go mbeidís ag táirgeadh idir 1 MW agus 780 MW d'fhuinneamh in-athnuaite, de réir mhéid na mBallstát ach ní gá go mbeadh méid na mBallstát i gceist;

- Go dtí seo, tá éiciscéim amháin nó níos mó ag na Ballstáit a ndearnadh suirbhé orthu lena dtabharfaí aghaidh ar na príomh-shaincheisteanna seo a leanas **a bhaineann leis an mbithéagsúlacht**: "cuir chuige na feirmeoireachta carbóin" (9), bainistiú cothaitheach (12), feirmeoireacht fhairsing ar fhéarach buan (11); féarthailte buana a chothábháil (12), cleachtais caomhnaithe ithreach (iad uile nach mór) agus feirmeoireacht orgánach (12);

- Tá líon mór **gealltanas bainistíochta** agus idirghabhálacha eile atá ábhartha don bhithéagsúlacht molta ag na Ballstáit (anailís leanúnach).

*Tacaíocht don fheirmeoireacht orgánach*

- Tá uaillmhian fáis mhór, a bheag ná a mhór, curtha in iúl ag beagnach gach Ballstát maidir leis an bhfeirmeoireacht orgánach, a mhéid a bhaineann leis an limistéar a shaothraítear go horgánach a mhéadú agus leis an limistéar a fhaigheann tacaíocht faoi CBT;

- Leag **24** Bhallstát sprioc síos a mheastar a bheidh acu chun an limistéar a shaothraítear go horgánach a mhéadú le tacaíocht CBT. Tá sé mar aidhm ag 15 Phlean tacú le níos mó ná 10 % den limistéar a shaothraítear go horgánach, agus é mar aidhm ag 4 díobh siúd tacú le níos mó ná 20% den limistéar a shaothraítear go horgánach;

- Tá sé beartaithe tacaíocht a thabhairt faoi éiciscéimeanna (11 Bhallstát) nó faoi ghealltanais agra-chomhshaoil, agus tacaíocht á beartú ag roinnt Ballstát faoin dá ionstraim, a dhifreáiltear den chuid is mó ar mhaithe le tiontú go feirmeoireacht orgánach agus chun í a chothabháil.

*Tacaíocht i dtaca le bainistiú foraoisí inbhuanaithe ilfheidhmeacha*

- Déanann formhór na mBallstát (cé is moite de 5 cinn) foráil maidir le tacaíocht don fhoraoiseacht, lena n-áirítear an fhoraoiseacht nó na limistéir faoi chrainn (an agrafhoraoiseacht) a mhéadú, tacaíocht do bhainistiú inbhuanaithe na limistéar foraoise atá ann cheana agus na hinfheistíochtaí ábhartha;

- Leag thart ar leath de na Ballstáit síos a sprioc chun tacú le talamh foraoisithe, agrafhoraoiseacht san áireamh (R17), is idir 250 heicteár agus 3.5 milliún heicteár na spriocanna sin;

- Rinne roinnt tíortha a gcuid spriocanna maidir le bainistiú inbhuanaithe foraoisí (R30) a shainiú, agus luachanna idir 0.2 % agus 3 % socraithe acu.

## (III) CBT atá inbhuanaithe ó thaobh na sochaí le haghaidh limistéir thuaithe bheoga

***Athnuachan ó ghlúin go glúin agus tacaíocht d'fheirmeoirí óga***

- Tá sé beartaithe ag **20** Ballstát leithreasuithe a imfhálú faoin dá Cholún chun an t-íosmhéid atá le cur ar leataobh d'fheirmeoirí óga a bhaint amach, cé gur faoi Cholún I amháin a rinne **3** Bhallstát idirghabhálacha a imfhalú, gur faoi Cholún II amháin a rinne **2** Bhallstát idirghábhalacha a imfhalú;

- Tá tacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga (CISYF) beartaithe ag **24** Bhallstát, tá cúnamh maidir le suiteáil beartaithe ag **24** Bhallstát;

- Tá sé beartaithe ag **19** Bhallstát cúnamh infheistíochta ar ráta níos airde a thabhairt d'fheirmeoirí óga;

- Tá comhar maidir le hathnuachan ó ghlúin go glúin beartaithe **ag 6** Bhallstát.

***LEADER***

- Tá leithdháiltí os cionn an íoscheanglais de 5 % d'imchlúdach CETFT beartaithe ag **15** Bhallstát, agus leithdháiltí os cionn 10 % beartaithe ag roinnt Ballstát;

- Tá an 5 % is gá amháin á leithdháileadh **ag 2** Bhallstát agus leithdháileann **5** Bhallstát beagán níos mó ná an 5% is gá;

- Níl an íostairseach de 5 % den imchlúdach coigeartaithe CETFT bainte amach ag **4** Bhallstát.

*An choinníollacht shóisialta*

- Cuirfidh **2** Bhallstát **coinníollacht shóisialta** i ngníomh cheana féin in **2023** agus déanfaidh **2** Ballstát í a ghníomhachtú in **2024**;

- Cuirfidh **gach Ballstát eile** coinníollacht shóisialta i bhfeidhm ó 2025 ar aghaidh.

*Leas ainmhithe agus frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach (AMR)*

- Níl sé beartaithe ag formhór na mBallstát idirghabhálacha sonracha a dhíríonn ar laghdú frithmhiocróbach. Táthar ag súil go mbainfear laghduithe amach trí ghníomhaíochtaí maidir le leas ainmhithe nó le feirmeoireacht orgánach, nó trí iarrachtaí lasmuigh de CBT;

- Chuir **8** mBallstát an táscaire ábhartha maidir le AMR ina gcuid pleananna straitéiseacha faoi CBT agus níor leag **5** Bhallstát síos aon táscaire toraidh do leas ainmhithe;

- Tá sé beartaithe ag **11** Bhallstát idirghabhálacha maidir le leas ainmhithe faoi éiciscéimeanna;

- Tá feabhsuithe leabaithe ag **18** mBallstát le haghaidh leas ainmhithe faoi infheistíochtaí feirme;

- Tá idirghabhálacha maidir le leas ainmhithe beartaithe ag **21** Bhallstát faoi ghealltanais agra-chomhshaoil.

*Comhionannas inscne*

- Tá sé beartaithe ag **5** Bhallstát bearta a thacaíonn le mná tuaithe agus tugann dhá cheann acu go háirithe aghaidh ar an gcuspóir rannpháirtíocht na mban san fheirmeoireacht a fheabhsú.

*Limistéir thuaithe, tacaíocht do sheirbhísí bunúsacha agus do ghníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta*

- Tá sé beartaithe ag **11** Bhallstát idirghabhálacha a dhéanamh i limistéir thuaithe lasmuigh de LEADER.

- Tá sé beartaithe ag **14** Bhallstát tacú le poist a chruthú, le **6** Bhallstát a bhfuil sé d'aidhm acu breis agus 1000 post nua a chruthú. Tá faisnéis fós ar iarraidh i gcás **10** mBallstát. Tá sé beartaithe ag **17** mBallstát tacú le 250 go dtí breis is 2000 **gnólacht nua** a chruthú;

- Tá sé beartaithe ag **17** mBallstát idirghabhálacha a dhéanamh le haghaidh **bonneagair agus seirbhísí bunúsacha** agus tá sé beartaithe ag **10** mBallstát idirghabhálacha a dhéanamh faoi fhorbairt tuaithe le haghaidh **gníomhaíochtaí neamhthalmhaíochta;**

- Go hiondúil maoiníonn na Ballstáit leathanbhanda le cistí lasmuigh de CBT le tuairim is **10** bplean ina ndéantar foráil go fóill do roinnt tacaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le nascacht.

***Malartú faisnéise agus nuálaíocht***

- Tá sé beartaithe ag **24** Bhallstát idirghabhálacha a dhéanamh faoi mhalartú agus scaipeadh faisnéise;

- Tá thart ar 2 % de bhuiséad CETFT ar an iomlán curtha i leataobh sna pleananna atá beartaithe le haghaidh malartú agus scaipeadh faisnéise;

- Tá sé beartaithe ag **22** Bhallstát níos mó ná 6 100 grúpaí oibríochtúla a chruthú don chéad tréimhse eile.

## (IV) Luachanna náisiúnta do spriocanna sa Chomhaontú Glas don Eoraip

- *Chuir **24** Bhallstát tuairisc ar fáil maidir le rannchuidiú na bpleananna beartaithe straitéiseacha faoi CBT atá acu le roinnt de na spriocanna sa Chomhaontú Glas nó le gach ceann acu. Níor chuir 2 Bhallstát faisnéis den sórt sin ar fáil;*

- *Chuir **24** Bhallstát **ceann amháin nó níos mó** de luachanna cainníochtúla náisiúnta do tháscaire sprice an Chomhaontaithe Ghlais in iúl sa chuid ábhartha nó san iarscríbhinn ábhartha den Phlean;*

- *Chuir **19** mBallstát luach nó sprioc náisiúnta le haghaidh limistéar orgánach in iúl;*

- *Chuir **4** Bhallstát luach náisiúnta le haghaidh úsáid antaibheathach in iúl;*

- *Chuir **3** Bhallstát luach náisiúnta do ghnéithe ard-éagsúlachta tírdhreacha in iúl;*

- *Chuir **5** Bhallstát luach náisiúnta ábhartha le haghaidh **úsáid agus riosca lotnaidicídí** a laghdú in iúl;*

- *Chuir **6** Bhallstát luach náisiúnta le haghaidh caillteanas cothaitheach a laghdú nó chun leasacháin a laghdú in iúl;*

- *Chuir **6** mBallstát luach náisiúnta le haghaidh leathanbhanda gasta i limistéir thuaithe in iúl.*

## (V) Roghanna airgeadais

- Tá sé beartaithe ag **10** mBallstát úsáid a bhaint as an sásra solúbthachta chun **cistí a aistriú ó cholún I go colún II**[3] agus na haistrithe sin idir 1 % agus 20 %;

- Tá sé beartaithe ag **7** mBallstát **cistí a aistriú ó cholún II go colún I** agus na haistrithe sin idir 1 % agus beagnach 30 %**;**

- Tar éis na coigeartuithe atá beartaithe, beidh **thart ar 4.7 %** den imchlúdach tosaigh CETFT faoi réir **aistriú go dtí CERT**, ach tá thart ar **4.4 %** den imchlúdach tosaigh CERT faoi réir aistriú go dtí EAFRD;

- Tá éagsúlacht mhór idir na rátaí ranníocaíochta le raon ón ráta íosta 20 % de mhaoiniú AE (i.e. 80 % maoiniú náisiúnta) go dtí an ráta is uasta atá ceadaithe;

[3] Lena n-áirítear aistrithe ón mbliain féilire 2022 go dtí an bhliain airgeadais 2023 agus aistrithe féideartha ar thoradh measta an laghdaithe de thoradh an uasteorannaithe.

- I mBallstát **amháin**, is é 20 % an ráta ranníocaíochta is ísle a roghnaítear do na ceithre chatagóir réigiún mar a shonraítear sa Rialachán maidir le Pleananna Straitéiseacha, agus is é 85 % an ráta is airde in **8** mBallstát;

- I mBallstát **amháin** is é 20 % an ráta ranníocaíochta is ísle a roghnaítear le haghaidh íocaíochtaí i leith srianta nádúrtha nó srianta eile a bhaineann go sonrach le limistéar agus is é 65 % an ráta ranníocaíochta is airde in **11** Bhallstát;

- Níl sé beartaithe ag roinnt Ballstát an deis a thapú chun ráta sonrach níos airde a leagan síos d'íocaíochtaí comhshaoil. Is é 25 % an ráta is ísle a roghnaíodh i mBallstát **amháin** agus is é 80 % an ráta is airde a roghnaíodh in 12 Bhallstát, agus leagann síos an chuid eile a rátaí féin.